**AN tAONTAS EORPACH**

**PARLAIMINT NA hEORPA** | **AN CHOMHAIRLE**

**An Bhruiséil, 22 Samhain 2017**
**(OR. en)**

**2016/0393 (COD)**

**PE-CONS 49/17**

**STATIS 57**
**REGIO 95**
**CODEC 1506**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 a mhéid a bhaineann leis na típeolaíochtaí críochacha (Tercet) |

**RIALACHÁN (AE) 2017/...**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003**
**a mhéid a bhaineann leis na típeolaíochtaí críochacha (Tercet)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 338(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[3],

---

1 IO C 209, 30.6.2017, lch. 71.
2 IO C 342, 12.10.2017, lch. 74.
3 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Samhain 2017 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an .....

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], bunaítear aicmiú staidrimh comhchoiteann aonad críochach (Ainmníocht aonad críochach le haghaidh staidrimh, dá ngairtear ‘NUTS’) ionas go bhféadfar staidreamh réigiúnach comhchuibhithe a bhailiú, a thiomsú agus a scaipeadh san Aontas Eorpach.

(2) Tá an Coimisiún, i gcomhar leis an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, tar éis líon áirithe de thípeolaíochtaí críochacha bunúsacha, agus na cinn is ábhartha, a shainmhíniú chun na haonaid staidrimh arna mbunú le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 a aicmiú.

(3) Baintear úsáid cheana as na típeolaíochtaí sin faoin gCóras Staidrimh Eorpach, go háirithe leibhéal an uirbithe, ar a n-áirítear an sainmhíniú ar 'cathair'

(4) Is gá códú a dhéanamh ar na típeolaíochtaí ionas gur féidir sainmhínithe agus dálaí gan débhrí a leagan amach i dtaca le tíopaí críochacha, rud a áiritheoidh a gcur i bhfeidhm comhchuibhithe agus trédhearcach agus rud a chobhsóidh na típeolaíochtaí chun tacú le tiomsú agus scaipeadh an staidrimh Eorpaigh. Ní dochar na típeolaíochtaí staidrimh sin do shainaithint na limistéar sonrach le haghaidh bheartais an Aontais.

(5) Ba cheart úsáid a bhaint as córas ina bhfuil greillí staitistiúla chun tíopaí críochacha a ríomh agus a leagan síos i leith na réigiún agus na gceantar atá i gceist, ó tharla go mbraitheann na tíopaí sin ar an dáileadh agus dlús daonra a bhíonn i ngreillechealla dár toisí aon chiliméadar cearnach.

---

[1] Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú comhchoiteann aonad críochach le haghaidh staidrimh (NUTS) a bhunú (IO L 154, 21.6.2003, lch. 1).

(6) Ba cheart soiléiriú a thabhairt ar roinnt mionghnéithe a bhaineann leis na haonaid riaracháin áitiúla (ARÁnna) chun téarmaíocht agus sásra seachadta liostaí ARÁnna ó na Ballstáit chuig an gCoimisiún (Eurostat) a shimpliú.

(7) D'fhonn oiriúnú d'fhorbairtí comhfhreagracha sna Ballstáit, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le leasú a dhéanamh, i gcomhréir leis an bhfaisnéis a bheidh curtha in iúl ag na Ballstáit, ar aicmiú NUTS in Iarscríbhinn I, ar liosta na n-aonad riaracháin atá ann cheana agus atá in Iarscríbhinn II, agus ar liosta ARÁnna in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[1]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

1 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

(8) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i ndáil le cur i bhfeidhm na dtípeolaíochtaí críochacha agus leis na hamshraitheanna nach mór do na Ballstáit a thabhairt don Choimisiún i gcás aon leasú a dhéantar ar aicmiú NUTS. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

(9) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon aicmiú réigiúnach a chomhchuibhiú, a ghnóthú go leordhóthanach agus gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(10) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

1 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

*'Airteagal 1*
*Ábhar*

1. Bunaítear leis an Rialachán seo aicmiú staidrimh comhchoiteann aonad críochach (NUTS), ionas go bhféadfar staidreamh Eorpach a bhailiú, a thiomsú agus a scaipeadh ar leibhéil chríochacha éagsúla san Aontas.

2. Leagtar amach aicmiú NUTS in Iarscríbhinn I.

3. Beidh na haonaid riaracháin áitiúla (ARÁnna), dá dtagraítear in Airteagal 4, ina gcomhlánú ar aicmiú NUTS.

4. Beidh na greillí staitistiúla, dá dtagraítear in Airteagal 4a, ina gcomhlánú ar aicmiú NUTS. Bainfear úsáid as na greillí staitistiúla sin chun típeolaíochtaí daonra-bhunaithe a ríomh.

5. Beidh típeolaíochtaí críochacha an Aontais, dá dtagraítear in Airteagal 4b, ina gcomhlánú ar aicmiú NUTS trí thíopaí a leagan síos i leith na n-aonad críochach.';

(2) in Airteagal 2, scriostar mír 5;

(3) leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Leagtar amach in Iarscríbhinn II na haonaid riaracháin atá ann cheana agus a úsáidtear d’aicmiú NUTS. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 7a chun Iarscríbhinn II a leasú ar bhonn na n-athruithe sna haonaid riaracháin a bheidh curtha in iúl dó ag an mBallstát lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 5(1).’;

(b) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

‘Féadfaidh cuid de na haonaid neamhriaracháin, áfach, imeacht ó na tairseacha sin de bharr imthosca geografacha, socheacnamaíocha, stairiúla, cultúrtha nó comhshaoil, go háirithe na sna hoileáin agus sna réigiúin is forimeallaí.’;

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

*'Airteagal 4*

*Aonaid riaracháin áitiúla*

1. I ngach aon Bhallstát, déanfaidh na haonaid riaracháin áitiúla (ARÁnna) leibhéal NUTS 3 a fhoroinnt i gceann amháin nó in dhá cheann de leibhéil bhreise d'aonaid chríochacha. Beidh ceann amháin ar a laghad de leibhéil ARÁ ina aonad riaracháin mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1) agus mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 7a chun liosta ARÁnna in Iarscríbhinn III a leasú ar bhonn na n-athruithe sna haonaid riaracháin a bheidh curtha in iúl dó ag an mBallstát lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 5(1).

2. Laistigh de na chéad sé mhí de gach bliain, agus ag tagairt do 31 Nollaig na bliana roimhe sin, déanfaidh na Ballstáit liosta ARÁnna a tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat), agus léireofar sa liosta sin aon athruithe ar an réigiún de NUTS 3 lena mbaineann siad. Agus sin á dhéanamh aige, leanfaidh sé an fhormáid do shonraí leictreonacha a iarrann an Coimisiún (Eurostat).

3. Faoin 31 Nollaig gach bliain, foilseoidh an Coimisiún (Eurostat) liosta ARÁnna ar an gcuid tiomnaithe sin dá shuíomh gréasáin.';

(5) cuirtear na hAirteagail seo a leanas isteach:

*‘Airteagal 4a*
*Greillí staitistiúla*

Déanfaidh an Coimisiún (Eurostat) córas ina bhfuil greillí staitistiúla ar leibhéal an Aontais a choinneáil ar bun agus a fhoilsiú ar an gcuid tiomnaithe sin dá shuíomh gréasáin. Beidh na greillí staitistiúla sin i gcomhréir leis na sonraíochtaí a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1089/2010 ón gCoimisiún[1].

*Airteagal 4b*
*Típeolaíochtaí críochacha de chuid an Aontais*

1. Déanfaidh an Coimisiún (Eurostat) típeolaíochtaí Aontais atá comhdhéanta d’aonaid chríochacha ar leibhéal NUTS, ar leibhéal ARÁ agus ar leibhéal na ngreillecheall a choinneáil ar bun agus a fhoilsiú ar an gcuid tiomnaithe sin dá shuíomh gréasáin.

2. Bunófar an típeolaíocht ghreillebhunaithe ar an leibhéal greilleghléine dár toisí 1 $km^2$ mar a leanas:

– ‘lárionaid uirbeacha’,

– ‘cnuasionaid uirbeacha’,

– ‘greillechealla tuaithe’.

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1089/2010 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2010 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hidir-inoibritheacht tacair agus seirbhísí sonraí spásúla (IO L 323, 8.12.2010, lch. 11).

3. Bunófar na típeolaíochtaí seo a leanas ar leibhéal ARÁ:

(a) leibhéal an uirbithe (DEGURBA):

– 'Ceantair uirbeacha':

– 'Cathracha' nó 'Ceantair dhlúsdaonra',

– 'Bailte agus bruachbhailte' nó 'Dlúscheantair idirmheánacha',

– 'Ceantair tuaithe' nó 'Ceantair tearcdhaonra';

(b) ceantair uirbeacha fheidhmiúla:

– 'Cathracha' móide na 'Criosanna comaitéireachta' a bhaineann leo;

(c) ceantair chósta:

– 'Ceantair chósta',

– 'Ceantair isteach ón gcósta'.

Má tá níos mó ná leibhéal riaracháin ARÁ amháin sa Bhallstát, rachaidh an Coimisiún (Eurostat) i gcomhairle leis an mBallstát sin chun a chinneadh cén leibhéal riaracháin ARÁ a úsáidfear chun na típeolaíochtaí a leagan síos ina leith.

4. Bunófar na típeolaíochtaí agus lipéid seo a leanas ar leibhéal NUTS 3:

(a) típeolaíocht uirbeach-thuaithe:

– ‘Réigiúin uirbeacha den chuid is mó’,

– ‘Réigiúin eatramhacha’,

– ‘Réigiúin tuaithe den chuid is mó’;

(b) típeolaíocht mheitreapholaiteach:

– ‘Réigiúin mheitreapholaiteacha’,

– ‘Réigiúin neamh-mheitreapholaiteacha’;

(c) típeolaíocht chósta:

– ‘Réigiúin chósta’,

– ‘Réigiúin isteach ón gcósta’.

5. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, coinníollacha aonfhoirmeacha a leagan síos chun go gcuirfear i bhfeidhm na típeolaíochtaí go comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais. Sna coinníollacha sin, tabharfar tuairisc ar an modh ar dá réir a dhéanfar na típeolaíochtaí a shannadh do ARÁ aonair agus do réigiúin leibhéal NUTS 3. Nuair a bheidh na coinníollacha aonfhoirmeacha á gcur i bhfeidhm, déanfaidh an Coimisiún imthosca geografacha, socheacnamaíocha, stairiúla, cultúrtha agus comhshaoil a chur san áireamh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7.’;

(6) leasaítear Airteagal 5 mar a leanas;

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Aon leasuithe a dhéanfar ar aicmiú NUTS in Iarscríbhinn I, déanfar iad a ghlacadh sa dara leath den bhliain féilire, gach trí bliana ar a luaithe, de réir na gcritéar a leagtar amach in Airteagal 3. Ina ainneoin sin, má dhéantar atheagrú substainteach ar struchtúr ábhartha riaracháin Ballstáit, féadfar leasuithe den sórt sin ar aicmiú NUTS a ghlacadh ag eatraimh níos giorra.

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 7a chun aicmiú NUTS dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a leasú ar bhonn na n-athruithe sna haonaid chríochacha a bheidh curtha in iúl dó ag an mBallstát lena mbaineann i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo. Ón 1 Eanáir den dara bliain tar éis ghlacadh an ghnímh tharmligthe sin, beidh na sonraí réigiúnacha a sheolfaidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún (Eurostat) bunaithe ar aicmiú NUTS arna leasú.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. I gcás ina nglacann an Coimisiún gníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 4, déanfaidh an Ballstát sin lena mbaineann na hamshraitheanna don mhiondealú réigiúnach nua a tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat) le cur in ionad na sonraí sin a tarchuireadh cheana. Déanfaidh an Ballstát lena mbaineann na hamshraitheanna sin a sholáthar faoin 1 Eanáir den cheithre bliana tar éis ghlacadh an ghnímh tarmligthe sin.

Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, coinníollacha aonfhoirmeacha a leagan amach do na hamshraitheanna agus d’fhad na n-amsraitheanna, agus a indéanta atá sé an méid sin a sholáthar á chur san áireamh aige. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7.’;

(7) cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 7:

*‘Airteagal 7*
*Nós imeachta coiste*

1. Déanfaidh an Coiste um an gCóras Staidrimh Eorpach cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.’;

(8) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

*'Airteagal 7a*
*An tarmligean a fheidhmiú*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 3(4), in Airteagal 4(1) agus in Airteagal 5(4) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana amhail ón...[an dáta a dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 3(4), in Airteagal 4(1) agus in Airteagal 5(4) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 3(4), Airteagal 4(1) agus Airteagal 5(4) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.';

(9) scriostar Airteagal 8;

(10) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Iarscríbhinn III:

'Aonaid riaracháin áitiúla'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa ...,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |